

CONCLÚID AGUS MOLTAÍ

Déantar iarracht sa chuid seo a bhfuil de chonclúidí ar na ranna éagsúla den chuntas seo thuas ar fhíricí i dtaobh na Gaeilge a tharraingt le chéile mar ráiteas comhaontaithe as Gaeilge. Gabhtar leithscéal roimh ré as tuairimí a nochtadh chomh maith le fíricí.

COMHTHÉACS AGUS CEISTEANNA

AN GHAELIGE – TEANGA MIONLAIGH NÓ TEANGA MHIONLAIGH?

Is mór an difear idir an dá choincheap seo a ndéanann séimhiú simplí amháin idirdhealú eatarthu. Is **teanga mionlaigh** í an Ghaeilge. Is é sin le rá gur teanga neamhfhorleathan ó thaobh úsáide í in Éirinn faoi láthair, de thoradh iliomad cúinsí. B'fhéidir a rá, i dtéarmaí an daonra, gur mionlach a labhraíonn go laethúil í agus mionlach níos substaintiúla fós a bhfuil eolas éigin acu uirthi agus a bhaineann leas as an eolas sin de réir a gcumais nó de réir na ndeiseanna cuí úsáide a lorgaíonn siad nó a gcuirtear ar fáil dóibh.

Ní **teanga mhionlaigh** í an Ghaeilge, áfach. Níl tréithe mionlachais ag baint léi. Is í an teanga náisiúnta í agus dá réir is í an chéad teanga oifigiúil í. Is teanga oifigiúil de chuid an Aontais Eorpaigh í. Tá ionad aici i ngach réimse den saol agus tacaíocht Stáit dá réir, bíodh sin mór beag, toilteanach nó a mhalairt. Tá bá fhormhór an phobail léi. Tá stair fhada náisiúnta agus idirnáisiúnta aici agus litríocht mar an gcéanna. Is cuid d'inneach agus d'fhí na timpeallachta í thuaidh agus theas: sloinnte agus logainmneacha, stair agus tíreolas, seanchas agus finscéalta, creidiúintí agus traidisiúin, fealsúnacht agus meon. Go fiú Béarla sainiúil na hÉireann, ní as eispéireas Bhéarla Shasana a fáisceadh é ach as eispéireas teanga agus cultúr na Gaeilge go príomha (agus as sainteanga na hAlban i gcás na hUltaise). Cultúr amháin á sheachadadh trí dhá theanga. An teanga dhúchais agus cultúr bunaidh an chine ilsíolraithe ag iarraidh teacht slán agus ag borradh aníos trí gach callshaoth, ag saibhriú roimpi.

Is fíricí iad gur teanga mionlaigh í an Ghaeilge in Éirinn an lae inniu, thuaidh agus theas, ach nach teanga mhionlaigh í. Tá de thábhacht leis an idirdhealú seo an meon a chothaítear nó is féidir a chothú, oifigiúil nó pobail nó pearsanta, maidir le pleanáil teanga ag leibhéal an Stáit nó maidir le rogha úsáide teanga de réir ócáide ag leibhéal an tsaránaigh. Is do gach saoránach an Ghaeilge, nó deis uirthi, agus is sealúchas gach saoránaigh í chomh maith. Fágann san nach polasaithe teanga do chainteoirí áirithe amháin sa daonra ba chóir a bheith i gceist, polasaithe don mhionlach a bhfuil de chumas acu agus d'ádh orthu deiseanna úsáide go laethúil a bheith acu, ach polasaithe idirdhealaithe don phobal trí chéile, a aithníonn a gcuid sainriachtanaisí éagsúla, polasaithe atá oscailte agus ar fáil do chách agus an tsaoirse ansin ag an indibhíde a rogha féin a dhéanamh. Mar ní saoirse go rogha.

AN POBAL TEANGA INNIU

Léirítear, ó fhigiúir na ndaonáireamh is déanaí, i dTábla 2.1, sa tábla a choimríonn pátrúin cumais agus úsáide sa Phoblacht (Tábla 2.8), agus sna táblaí ar Thuaisceart Éireann (Section 8, 2-3), toisí reatha an phobail teanga in Éirinn ilghnéitheach an lae inniu. Cad deir siad linn?

Cumas sa Ghaeilge

Ní heol dúinn ó na torthaí daonáirimh sa Phoblacht leibhéal iomlán cumais an fhreagróra ná leibhéal an chumais chainte a bhfuil an cheist daonáirimh bunaithe uirthi. Is gá dá réir leas a bhaint as fianaise ó fhoinsí éagsúla, suirbhéanna is eile, d'fhonn measúnú a dhéanamh ar chumas agus ar úsáid i gcás na teanga. Ar an mbonn sin, b'fhéidir a áireamh go bhfuil ardchumas Gaeilge ag idir 6% agus 10% den phobal. Bheadh cainteoirí dúchais Gaeltachta san áireamh sa phobal seo. Cumas réasúnta a bheadh ag 25–30% eile agus cumas ar scála sleamhnaitheach go dtí ísealchumas neamhghníomhach ag 30–50% eile fós. Faoi láthair, tá éifeacht bheag áirithe dhiúltach ag comhdhéanamh ilchultúrtha an phobail i gcoitinne ar na figiúir seo. Mar sin féin, ba dhíol spéise na torthaí daonáirimh i measc daoine a rugadh lasmuigh den tír seo maidir le úsáid laethúil (Tábla 2.7). Má thógtar an dá dhlínse le chéile, agus cumas a mheas i dtéarmaí gníomhach agus neamhghníomhach, b'fhéidir a áireamh go bhfuil eolas éigin ar an nGaeilge ag duine as tríúr. Ní bhaineann den bhfíric seo gur lucht scoile sciar ard den lucht cumais seo nó go mb'fhéidir gur léiriú meoin atá dearfach seachas léiriú cumais atá gníomhach a bhíonn sa bhféintuairisciú. Is fíric dhoshéanta é an t-iomlán go bhfuil bonn nach beag ann de thoradh polasaithe oifigiúla agus iarrachtaí deonacha go dtí seo, bonn ar féidir tógaint air, go háirithe maidir leis an bhfíric dhosheachanta eile a léirítear, nach ionann cumas agus úsáid.

Úsáid

Cé úsáideann an Ghaeilge? Dar le Daonáireamh 2006, baineann suas le 75% den lucht cumais úsáid éigin as a gcumas chun labhartha; 27.4% go laethúil sa chóras oideachais amháin agus 46% lasmuigh

den chóras oideachais ar scála úsáide ó laethúil go níos lú. Sna grúpaí iarscoile, tá leibhéal gníomhach úsáide laethúil ar bun ag idir 3% agus 5% agus leibhéal laethúil go seachtainiúil ag 10%. Sna haoisghrúpaí le chéile, tá sa daonra beagnach 100,000 duine (97,089) adeir go bhfuil an Ghaeilge in úsáid acu go seachtainiúil lasmuigh den chóras oideachais agus a chúig oiread sin, 581,574 duine, a dhéanann sin go hócáidiúil. Suas le trí cheathrú milliúin duine, 46% den lucht cumais, baineann siad leas éigin as an nGaeilge acu lasmuigh den chóras oideachais. Ní raibh aon bhaile sa Stát a chláraighe freagra iomlán diúltach maidir le úsáid na Gaeilge lasmuigh den chóras oideachais. Is léir, mar sin, an dúshlán do lucht cinnithe polasaí maidir le leathnú ar úsáid na teanga, dá mb'eol na deiseanna úsáide atá ann, nó a b'fhéidir a spreagadh, thar na haoisghrúpaí éagsúla.

Ina dhiaidh sin uile, léiríonn gach staidéar staid leochaileach na teanga sa Ghaeltacht, go háirithe i measc na ngrúpaí is tábhachtaí don todhchaí: tuismitheoirí agus daoine óga. Is anseo atá an dúshlán is mó atá roimh an bpobal traidisiúnta féin agus roimh lucht polasaí. Ní féidir aghaidh a thabhairt ar an dúshlán sin, áfach, i gcúinsí idirspéiceacha dlíthiúla, cultúrtha, sochtheangeolaíocha agus eacnamaíocha an lae inniu, ach amháin i gcomhthéacs comhcheangailte pleanála do phobal an Stáit agus do phobal an oileáin trí chéile. Ní mór sainmhínte a aimsiú a bheidh solúbtha ach fós daingnithe ar phrionsabail shoiléire ar na coincheapa 'Gaeltacht' agus 'tumoideachas' nó 'an Ghaeilge mar mheán'. Tá giniúint cainteoirí teaghlach ag géilleadh in aghaidh an lae don ghiniúint tríd an gcóras scolaíochta amháin. Is léir an baol. Cé gur míorúilt bheo an Ghaeltacht a bheidh fós ina beatha, más ar éigean é, b'fhiú i gcónaí taighde ar na cúiseanna a gcasann cainteoirí Gaeltachta ar an mBéarla in ócáidí neamhfhoirmiúla úsáide.

Ar ndóigh, mar chúnadh do lucht polasaí, níor mhiste beachtú breise a dhéanamh ar an gceist daonáirimh agus an cheist chéanna a bheidh in úsáid thuaidh agus theas. Faoi láthair, sna hathruithe is déanaí a rinneadh sa dá dhlínse, lorgaítear eolas ar na cumais ghníomhacha agus neamhghníomhacha sa cheist daonáirimh i dTuaisceart Éireann fhaid is a dhírítear sa Phoblacht ar chumas cainte amháin agus ar mhinicíocht úsáide i dtéarmaí ama. Tagraítear do lucht cumais mar 'chainteoir' cé go bhfuil 26% díobh nach mbaineann aon leas as an gcumas acu. Ba chruinne an t-eolas tuairim a bheidh ar fáil ar na hócáidí úsáide chomh maith leis an minicíocht úsáide. Ar ndóigh, b'fhéarr fós do lucht polasaí eolas ní amháin ar ócáidí úsáide mar atá, ach mar a d'fhéadfadh a bheidh, ach iad a bheidh ar fáil do chainteoirí. Is ansin atá an dúshlán, úsáid a dhéanamh den chumas. Faoi láthair, is líonmhaire iad na deiseanna úsáide dóibh siúd nach gcomhairítear sa daonáireamh in aon chor, lucht tuisceana amháin, lucht na scileanna neamhghníomhacha. Tá acu raidió, teilifís, nuachtáin, irisí agus leabhair. Seans go mbeadh ceist chomh hidirdhealaitheach róchasta don daonáireamh. Seans gurb oiriúnaí í mar cheist don suirbhé áitiúil pobail, áit a b'fhéidir plean gníomhaíochta a thógaint ar na torthaí d'fhonn freastal ar na leibhéil éagsúla cumais agus úsáide go logánta, ar scáthán ar an micrileibhéal iad dá macasamhla go náisiúnta, agus na leibhéil sin a ardú de réir a chéile. Tá a dtábhacht féin ag na scileanna neamhghníomhacha agus ní cóir daoine ag an leibhéal sin a fhágaint as an bpróiseas normálaithe úsáide den Ghaeilge. Ba léir sna torthaí Daonáirimh leibhéil níos airde sna ceantair nó sna bailte a raibh struchtúr éigin tacaíochta teanga ar fáil.

Níl aon amhras ach go bhfuil toradh fóna le feiscint tríd an Daonáireamh ar pholasaithe oideachais an Stáit, polasaithe maidir le sealbhú na Gaeilge. Rómhínic, áfach, is faoin earnáil dheonach a fágadh soláthar deiseanna úsáide don chumas a sealbhaíodh sa chóras oideachais. Is mó an toradh a bhíonn ar an bpleanáil chomhtháite, na hearnála oifigiúla, deonach agus pobail ag comhoibriú ar bhonn chomhlántach le chéile, ar leas gnéithe uile chomhthéacs sochtheangeolaíoch an phobail logánta.

POLASAITHE AN STÁIT I LEITH NA GAEILGE

Forbairt

Is lárnaigh an ról a bhíonn ag Stát an lae inniu i saol an tsaoránaigh, bíodh sin ag an leibhéal náisiúnta nó áitiúil nó tríd na gníomhaireachtaí éagsúla a chuirtear ar bun. Tá dualgas ar an Stát dá réir i dtaca leis na teangacha a ndéantar cumarsáid leis an saoránach iontu. Tá teacht ar an nGaeilge go pointe áirithe ag an saoránach sa Phoblacht sna réimsí oideachas, meáin, riarachán poiblí, dlí. Is tearc iad fós, áfach, na hócáidí poiblí a mbaineann ionadaithe poiblí leas as an nGaeilge, le heisceachtaí áirithe. Ní amháin nach ndéantar úsáid den chumas ach nach mbíonn formhór polaiteoirí ina n-eiseamláirí ar a gcuid polasaithe féin. Léirigh go leor suirbhéanna nach trí Ghaeilge a dhéileáladh gníomhaireachtaí poiblí le muintir na Gaeltachta féin. Ina theannta sin, má bhí an

Ghaeilge mar theanga seirbhíse don phobal gann, is beag má bhí sí ann in aon chor mar theanga oibre sa chóras poiblí, i dTithe an Oireachtais nó sa chóras poiblí i gcoitinne. Ina dhiaidh sin uile, cé go bhfaightear locht ar an ‘gcúpla focal’, bíonn a thábhacht féin ag an siombalachas mar athdhearbhú comhthéacs agus is fearr ann ná as é.

Thosaigh an Stát nua le fuinneamh agus chuir tús le polasaithe don Ghaeilge sna réimsí sealbhú, corpas agus stádas ag am a bhí suaite go polaitiúil agus gann ar airgead. De réir a chéile, áfach, d'éirigh amhrasach ar a fhís féin, go dtí na seachtóidí, uain ar tharla mar a bheadh athinstitiúidiú áirithe ar an gcóras tacaíochta teanga agus ar aghaidh ansin isteach sa mhílaois nua le hachtú Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus stádas oifigiúil don teanga i láthair na hEorpa 2004. Sna réimsí oideachas agus pleanáil corpais is léire an iarmhairt ar iarrachtaí an Stáit. I gcoitinne, tá de thoradh ar an iomlán meon dearfach a bheith ag 70-75% den phobal (suirbhéanna), cumas á mhaíomh ag 41.9% den phobal (Daonáireamh 2006), agus úsáid cuíosach rialta den chumas sin ar bun ag 10-12% agus ag 3-4% go laethúil. Ní beag sin cé gurbh fhéidir a cheapadh ar uairibh gurb í an Ghaeilge an acmhainn is teirce úsáid sa tír. Tá normálú ag dul ar aghaidh, áfach. Tá an Ghaeilge ina cuid chinnte den chlár polaitiúil anois agus an fheasacht phoiblí i bhfad níos airde ná mar a bhíodh, bíodh sin de thoradh na teilifíse nó na reachtaíochta nó iarrachtaí deonacha nó luas an idirchultúrachais. Chabhraigh gníomhartha oifigiúla ón mbarr anuas leis an normálú seo chomh maith le héifeacht na hearnála deonaí chun an bhá phoiblí a mhúscailt chun gnímh: Treo 2000 ar an nGaeilge i gcoitinne agus Coimisiún ar an nGaeltacht; Fóram na Gaeilge; Ráiteas an Rialtais 2006; Coiste Rialtais 2007 de thoradh an taighde is déanaí ar an nGaeltacht; maoiniú don Straitéis 20 bliain don teanga a bheith luaite sa Phlean Forbartha Náisiúnta 2007-2013 agus, ar ndóigh, Foras trasteorann don Ghaeilge. [Ba é an sampla ab fhearr den normálú seo, agus an eiseamláir ab éifeachtaí, an bealach a ndearna an Taoiseach nua \(Bealtaine 2008\), Brian Cowen, úsáid phoiblí den Ghaeilge ag gach ócáid thábhachtach ór tháinig sé in oifig.](#) Ar an taobh eile, tá céimeanna bagartha fógraithe san oideachas (ciorclán 44/2007 ó dheas agus athstruchtúrú an chórais ó thuaidh) nach léir fós iomlán a n-éifeachta.

I dTuaisceart Éireann, feictear dhá dhearcadh chontrárthacha. Ar thaobh amháin, tá athruithe móra chun feabhais le sonrú i gcás na Gaeilge ag an leibhéal oifigiúil agus ardú sa mhaoiniú ar a cas atá anois thar £20 milliún sa bhliain. Ar an taobh eile, don chainteoir nó don ghníomhaí, is pianmhar malltriallach é an bóthar chun cinn, lán de chastaí agus de bhacanna gan choinne go minic. Ní leor de chomhthéacs reachtúil a bhfuil á fheidhmiú faoi láthair de choimitmintí Chairt Chomhairle na hEorpa. Tá gá leis an Acht don Ghaeilge a gheall an dá rialtas (Westminster agus Baile Átha Cliath) sa Comhaontú a rinneadh ag Cill Rímhinn 2006 agus le dearbhú bunchearta teanga sa Bhille Ceart atá á ullmhú. Ní cabhair go ndéantar an Ghaeilge a nascadh le Ultais ar thaobh amháin agus le cainteoirí teangacha inimirceach ar an taobh eile. Ní cúntach ach oiread an dearcadh neamhfhábhruil don Ghaeilge a nochtann polaiteoirí áirithe ar bhonn easaontais atá polaitiúil seachas cultúrtha. Bheadh deireadh láithreach leis an argóint gur arm cultúrtha í an Ghaeilge ag páirtithe áirithe dá nglacfadh páirtithe eile chucu féin an saibhreas cultúrtha a bhfuil an ceart céanna acu air. Mar ar deireadh, is ar bhonn a seasaimh mar theanga dhúchasach a chaithefear déileáil leis an nGaeilge, ar a téarmaí féin, idir stairiúil agus comhaimseartha.

An phleanáil teanga

Aithnítear an phleanáil teanga mar chuid bharantúil den phleanáil a dhéanann stáit ar son folláine a gcuid saoránach. Is aidhm léi mar phleanáil aitheantas cuí a thabhairt do theangacha an stáit agus na saoránach agus noirm úsáide teanga a leathnú dóibh siúd a dteastaíonn uathu leas a bhaint as na deiseanna forbartha a sholáthraítear trí mheán reachtaíochta agus struchtúir tacaíochta agus maoinithe. Is léir, áfach, gur fusa pleanáil sna réimsí oideachais agus corpais. Ní féidir le gníomhartha rialtais iontu féin úsáid teanga a chinntiú mar ghléas ilchumarsáide idir dhaoine a mbíonn ilspreagthaí á dtiomáint, cultúrtha/idé-eolaíoch nó praiticiúil/ionstramach nó meascán. Is mór an éifeacht ar dhearcadh agus ar rogha teanga duine iompar a chomhleacaithe agus meon na meán.

Bíonn plean straitéiseach náisiúnta teanga bunaithe ar eolas taighde agus i gcomhar le pleananna eile stáit seachas comhthreormhar leo. Mar straitéis, seans go gcuimseofar inti tionscadail chomhtháite a mbeidh fo-aidhmeanna cinnte leo. Ach ní hionann tionscadal nó sraith tionscadal agus forphlean comhtháite. Níl easpa tionscadal ar an nGaeilge ach tá forphlean den chineál a shamhlaítear anois sa Ráiteas Rialtais a rinneadh mí na Nollag 2006. Gan chomhtháthú, cailltear éifeacht agus dóchas.

Pleanáil agus bainistíocht teanga ar bhonn comhtháite

In ainneoin a bhfuil de struchtúir agus de thionscnaimh curtha ar bun thar na blianta ar son na Gaeilge, tá de chuma air go bhfeidhmíonn cuid mhaith díobh scartha agus beag beann ar a chéile. Tá gá dá réir le formheicníocht éigin ar bhonn comhordaithe ach fós solúbtha d'fhonn an tairbhe is mó is féidir a bhaint as a bhfuil ar siúl ag an Stát agus ag an earnáil dheonach. Tá an toil pholaitiúil agus an toil phoiblí ag druidim níos cóngaraí dá chéile. Feicfean an mbainfean an sprioc amach trí Fhóram na Gaeilge (a bhfuil ionadaithe air ó Thuaisceart Éireann) agus tríd an Straitéis 20 Bliain. [Níor mhiste tosú le liostáil, le iniúchadh ar a bhfuil ar bun, idir iarrachtaí, gníomhairí agus acmhainní.](#)

Idé-eolaíocht

Is spésiúil na hathruithe béime a shonraítear in idé-eolaíocht teanga an Stáit ó dheas mar a fheictear sin i ráitis nó i dtuarascálacha poiblí ó 1922 i leith: ó shimplíocht dearcaidh an mhalartaithe teanga go dtí athbheochan laistigh de dhátheangachas nár míníodh go dtí ráiteas na seascaidí gur léir go mbeadh an Béarla ina phríomhtheanga chumarsáide lasmuigh den Ghaeltacht go ceann tamaill fhada fós anuas go dtí an ráiteas oifigiúil is déanaí (Nollaig 2006) gur dátheangachas feidhmeach an aidhm. Is coincheap é seo ar chabhraigh lena fhorbairt an tuiscint ar an débhéascna a rinneadh sna seachtóidí.

Is féidir na hathruithe seo a leanúint chomh maith sna bealaí a gcuirtear síos ar ‘an aidhm náisiúnta’ i gcúrsaí reachtaíochta, ó dhoiléire foclaíochta gur dóchas seachas réaltacht atá inti go dtí ráiteas atá níos soiléire ach teoranta ar uairibh anuas go dtí an téarma ‘traidisiúin’ de réir mar a bhí réaltacht an Tuaiscirt ag brú ar an meon polaitiúil go dtí an saol dátheangach agus rogha an dátheangachais fheidhmigh dá réir a mbítear ag tagairt dó anois. Is é sin, staid a shroichint a mbeidh oiread daoine is is féidir ar a gcompond sa Ghaeilge nó sa Bhéarla inti agus oibleagáid ar an Stát freastal ar a rogha teangacha.

I dTuaisceart Éireann, táthar ag brath fós sa saol polaitiúil ar reachtaíocht ó lasmuigh, Cairt Chomhairle na hEorpa, agus moill curtha athuair ag an Rialtas intíre dul i ngleic le reachtaíocht tacaíochta don teanga dhúchasach.

PLEANÁIL DON SEALBHÚ TEANGA – AN GHAELIGE SAN OIDEACHAS

An Ghaeilge mar ábhar curaclaim

Is gné lárnach den phleanáil teanga í an Ghaeilge sa chóras oideachais maidir le cothú meoin, forbairt cumais agus dúshraith dá réir a leagan don úsáid ach ócáidí cuí a bheith ar fáil. In ainneoin athruithe áirithe pátrúin, tá an céatadán daltaí a dhéanann staidéar ar an nGaeilge go leibhéal na hArdteistiméireachta (aois 17/18) ag fanacht teann agus a dtorthaí scrúduithe le moladh. Níor mhiste, áfach, taighde fadtéarmach ar thorthaí mar bhonn le polasaí. Tá an-ghanntanas taighde ar an nGaeilge sa réimse oideachais. In ainneoin tionscnaimh áirithe tacaíochta do mhúineadh agus d'fhoghlaim na teanga, is lúide a n-éifeacht nach cuid iad d'fhorpholasaí seachas freagairt d'fhadhbanna nó d'éileamh na huaire.

Sa phlé go léir a tharla ar ionad agus ar churaclaim na Gaeilge ag an leibhéal Ardteistiméireachta nó mar riachtanas iontrála do Choláistí (Ollscoileanna) Ollscoil na hÉireann, is ar éigean a luadh an bhunfhadhb: easpa físe nó ráiteas soiléir maidir le haidhmeanna pholasaí teangacha an Stáit agus na hilibhealaí ar féidir na haidhmeanna sin a bhaint amach thar na scileanna éagsúla teanga agus trí chointeanóid soláthair ón bhforthumoidéachas ar aghaidh. Ní mór idirdhealú agus míniú a sholáthar ar chúiseanna cultúrtha agus praiticiúla na Gaeilge san oideachas agus an dátheangachais féin, go háirithe do dhaltaí agus a dtuismitheoirí.

I dTuaisceart Éireann, níl ionad lárnach ar an gcuraclam ag an nGaeilge mar atá ag an mBreatnais sa Bhreatain Bhig. Ba ghá troid ar a son riamh, tríd an Ordú Leasú an Oideachais (Education Reform Order) 1989 agus tríd an bpróiseas comhairliúcháin ar an Athbhreithnú Curaclaim a thosaigh 2002 agus ar chabhraigh stádas nua na Gaeilge san Eoraip ar deireadh leis. Is i scoileanna Caitliceacha nó comhlánanaithe is mó atá sí ar fáil agus ag an dara leibhéal den chuid is mó. Is sna gaelscoileanna amháin atá ionad statúideach aici. I ngach cás eile, fághtar an rogha faoin scoil, agus é sin mar chuid den dualgas an dara teanga a thairiscint as liosta nuatheangacha ag an dara leibhéal. Is ar an earnáil gaeloideachais is mó atá an bhéim sna struchtúir nua tacaíochta, polasaí nach ciallmhar ar fad go fóill mar níl an earnáil lán-Ghaeilge in ann soláthar dá cuid riachtanaisí féin fós agus, pé scéal é, ní miste pleanáil i dtéarmaí soláthar don Ghaeilge atá ilghnéitheach go leor chun freastal ar phobal leathan.

Oideachas múinteoirí

Faightear locht ar chaighdeán Gaeilge roinnt bunmhúinteoirí agus táthar ag lorg Coláiste Oiliúna ar leith go háirithe do scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge. Dar le taighde, níl daltaí na gnáthbhunscoile i gcoitinne ag sroichint caighdeáin atá sásúil sa Ghaeilge. Níl oideachas cuí ar fáil don bhunmhúinteoir a bheidh ag múineadh trí mheán na Gaeilge (ach amháin sa Tuaisceart) ná don mhúinteoir dara leibhéal i gceachtar den dá dhlínse. Ní réiteach ar an bhfadhb é, áfach, aon ghluaiseacht i dtreo sainsholáthar do ghrúpaí áirithe. Tuilleann gach dalta togha na múinteoireachta.

An Ghaelscolaíocht

Is i réimse na gaelscolaíochta atá an fhorbairt oideachais is mó le feiscint thuaidh agus theas. Is sa Tuaisceart, áfach, is fearr an córas stáurraithe tacaíochta. Is ann d'fhadhbanna polasaí ag an leibhéal Stáit ó dheas agus d'athstruchtúirí ó thuaidh. Ach leanann an fhorbairt.

An Ghaelscolaíocht sa Phoblacht (PB) agus i dTuaisceart Éireann (TÉ) 2003–2004

| | Bunleibhéal | | Dara Leibhéal | | Iomlán | |
|--------|-------------|--------|---------------|--------|------------|--------|
| | Scoileanna | Daltaí | Scoileanna | Daltaí | Scoileanna | Daltaí |
| PB | 121 | 22,558 | 31 | 5,460 | 152 | 28,018 |
| TÉ | 28 | 2,061 | 3 | 481 | 31 | 2,542 |
| Iomlán | 149 | 24,619 | 34 | 5,941 | 183 | 30,560 |

An Ghaelscolaíocht sa Phoblacht (PB) agus i dTuaisceart Éireann (TÉ) 2005–2006

| | Bunleibhéal | | Dara Leibhéal | | Iomlán | |
|--------|-------------|--------|---------------|--------|------------|--------|
| | Scoileanna | Daltaí | Scoileanna | Daltaí | Scoileanna | Daltaí |
| PB | 126 | 22,915 | 33 | 6,132 | 159 | 29,047 |
| TÉ | 31 | 2,405 | 3 | 585 | 34 | 2,990 |
| Iomlán | 157 | 25,320 | 36 | 6,717 | 193 | 32,037 |

An Ghaelscolaíocht sa Phoblacht (PB) agus i dTuaisceart Éireann (TÉ) 2006–2007

Don scoilbhliain 2006–2007, tuairiscíonn an eagraíocht Gaelscoileanna go bhfuil cláraithe léi, i gcomhthéacs uile-Éireann:

Bunscoileanna 163 Scoileanna dara leibhéal 38 Daltaí 33,000

Níl áireamh ar éifeacht uileghabhálach na gluaiseachta seo.

Oideachas Gaeltachta

Dá bhfeidhmeofaí in am cuid éigin fiú de na hilmholtaí a rinneadh le fiche bliain anuas i dtaca le staid mheascáithe scoileanna Gaeltachta nó dá mba thuisceanaí ar an gcomhthéacs teanga roinnt de na cinntí oideachais a rinne an Roinn Oideachais féin, ní bheadh torthaí reatha taighde chomh duairc is atá. Ní ionann sin is a rá nach bhfuil a cuid fadhbanna féin ag an earnáil gaeleideachais. Seans, áfach, go bhfóirfeadh na réitigh chéanna cuid áirithe de na comhfhadhbanna fhaid is a choimeádfáí in aigne an sainchomhthéacs sochachultúrtha atá ag an dá shainearnáil. Tá gá fós le polasaí comhtháite maidir leis an nGaeilge sa chóras oideachais agus oideachas trí mheán na Gaeilge, bíodh sin mar chéad nó mar dhara teanga, agus muinín, as an teanga mar theanga, lárnach mar ghné.

An Ghaeilge ag an trú leibhéal agus Ollscoil lán-Ghaeilge

Tá dlúthbhaint ag an dá choincheap le chéile, an Ghaeilge mar ghort staidéir acadúil agus corp eolais á theagasc trí mheán na Gaeilge. Gan cruinntuiscint ar a bhfuil i gceist le barr feabhais a bhaint amach sa dá réimse agus é sin suite i dtuiscint ar a bhfuil i gceist, nó ba chóir a bheith i gceist, le hoideachas ollscoile, ní bheifear ag freastal ar bhunriachtanais na teanga. Faoi láthair, is mó d'earnáil breisoideachais atá i gcoitinne, le roinnt eisceachtaí, san earnáil oideachais trú leibhéal trí Ghaeilge. Thar aon ní eile, níl fíis ná forphlean Stáit ann don earnáil gan trácht ar shainfhoinsé maoinithe. Faoi mar is fíor faoin oideachas féin, is cointeanóid atá i gceist le cúrsaí na Gaeilge sa chóras: líne leanúnach ón nGaeilge mar ábhar go dtí an Ghaeilge mar mheán; ón nGaeltacht go dtí an iar-Ghaeltacht; ón naíonra go dtí an saoloideachas; ó institiúidí go dtí an saol lasmuigh díobh; ó réimse an oideachais go dtí na réimsí cultúrtha, sóisialta/pobail, eacnamaíoch.

Éilíonn a leithéid de thuiscint a chómhaith de phleanáil chomhtháite, a bhfuil a phríomfhreagracht sa Roinn Oideachais. Is ról tacaíochta amháin ba chóir a bheith ag gníomhairí eile nó beifear ag ligint don phríomhghníomhaire a shainról a aisghairm.

AN PHLEANÁIL STÁDAIS

Cuimsíonn an phleanáil stádais raon leathan den ghníomhaíocht dhaonna: craoltóireacht, na meáin, an fhoilsitheoireacht, na healaíona, na healaíona traidisiúnta, oidhreacht, ócáidí nó ionaid ceiliúrtha na ngnéithe éagsúla. Tá a sainionad féin ag cultúr na Gaeilge i ngach gné den saol cultúir agus ealaíne, idir shaintraidisiúnta agus comhaimseartha, chomh maith le lucht leanúna tiomnaithe dóibh. Níl de theorainn le rochtain uilíoch orthu ach easpa poiblíochta nó margaióchta nó creidiúint áirithe gur sárchainteoirí amháin a bhainfidh leas agus fóirtheamh astu. Níor mhiste mar sin cur chuige níos cuimsithí agus nuálaí b'fhéidir chun cur leis an rannpháirtíocht níos leithne atá ag tarlúint de thoradh suim na meán.

Mar an gcéanna, níl aon ghné den ghnáthshaol eagraithe nach bhfuil ionad ag an nGaeilge inti, fiú más ar leibhéal íseal sin nó teoranta do ghrúpaí áirithe laistigh d'eagraíochtaí. Is ann i gcónaí don nasc idir an teanga agus an tsochaí, fiú más tanaí ar uairibh é an nasc céanna. Ar an gcuid is lú de, tá tuiscint ann d'ionad na Gaeilge i gcomhthéacsanna eagraithe den saol sóisialta, fiú más ag uain áirithe a tharlaíonn sin nó de thoradh iarrachtaí ag baill áirithe. Tá sin le sonrú i gcúrsaí reiligiúin, polaitíochta, spóirt, agus in eagraíochtaí náisiúnta.

Is é an rud is suaithinsí, b'fhéidir, sa dá dhlínse, gur de thoradh brúghrúpaí deonacha is mó a tharla polasaí agus maoiniú oifigiúil le blianta beaga anuas d'an-chuid dá n-áirítear mar ghnéithe den phleanáil stádais agus an streachailt sin fós ar bun i dTuaisceart Éireann. Leanann na dúshláin: easpa léitheoirí dá scríobhtar; easpa pobail féachana don drámaíocht. Ach is fadhbanna an phobail teanga scaipthe iad seachas fadhbanna ealaíne nó teanga *per se*. Réiteodh plean comhtháite áitiúil laistigh de phlean náisiúnta cuid mhaith díobh.

EARNÁIL NA HEACNAMAIÓCHTA

Fiú san earnáil fhuarchúiseach seo, tá ionad ag an nGaeilge, trí thionscail a bhaineann leis an teanga nó mar sholáthar don phobal teanga. Spéisiúil go leor, tá cosúlachtaí nach beag idir an cur chuige Gaeltachta agus an cur chuige i dTuaisceart Éireann san earnáil seo: cruthú postanna agus deiseanna fostaíochta trí mheán na Gaeilge do chainteoirí, athnuachan agus forbairt pobail. Comhtháthaítear cúrsaí teanga, oibre agus ealaíona ar son an phobail áitiúil. Ar ndóigh, is fusa an cur chuige seo laistigh de phobail dhlúth náisiúnach an Tuaiscirt.

AN EARNÁIL DHEONACH

Braitheann an phleanáil nó an bhainistíocht teanga ar dhá chúinse: iad súd ag an mbarr agus ag an mbun a bheith araon ag gabháil don ghnó. Tá an-chuid ag brath dá réir ar chineál an choibhnis agus ar na modhanna comhoibrithe idir taobh an Stáit agus taobh an deonachais, agus ar a sainrólanna comhlántacha.

D'fhonn pleanáil chomhtháite a chur chun cinn, ar leas cách, tá gá le grúpa comhordaithe atá éifeachtach neamheaglach neamhleithleasach. Tá bunús a leithéide sa bhFóram ó dheas. Níl ó thuaidh fós. [Ní cóir, ar ndóigh, struchtúr a chur ar bun ar son struchtúr a chur ar bun. Ba ghá réamh-mhachnamh ar chomhdhéanamh agus ar ghort oibre aon struchtúir. Chuige seo, níor mhiste réamhiniúchadh, i gcás na Gaeilge, ar a bhfuil d'acmhainní ag feidhmiú cheana féin sa tír ar fad, Gaeltacht agus eile: eagraíochtaí agus forais, tionscadaíl agus foireann chomh maith lena gcuid aidhmeanna agus feidhmiú praiticiúil na gcuspóirí acu. Éilíonn cur chuige mar seo beachtú roimh ré ar chritéir na héifeachtúlachta a mbainfí leas astu don mheastóireacht ar fheidhmiú. Is critéir ar bhonn oibiachtúil seachas de thoradh féintuairisce a bheadh i gceist. Ba chóir go geríochnófaí le léarscáil cuibheasach soiléir a léireodh cá bhfuil an phleanáil, cá bhfuil an maoiniú agus cad chuige, cá bhfuil an feidhmiú, cé ar a son a bhfuiltear ag feidhmiú agus cá háit sa tír a bhfuiltear ag feidhmiú – nó cá gceaptar a leithéid sin go léir a bheith ar bun. Ní hionann i gcónaí tuairim an ghníomhaí agus tuairim an té a bhfuiltear ag gníomhú ar a shon. Léireodh sé chomh maith an comhthreomharachas nó an comhoibriú chomh maith leis na suímheanna ina bhfuil lucht pleanála ag iarraidh feidhmiú sa ghort agus cén bhearna is cúis leis sin. Chuirseodh an t-iniúchadh sin an earnáil oifigiúil agus an earnáil dheonach. Mura ndéanfadh, níorbh fhiú tabhairt faoi. Dá ndéanfaí i gceart é, le cabhair](#)

sheachtrach neamhspleách ar na gníomhairí féin, chríochnófaí ní hamháin le heolas cruinn ach le creat ceart d'fhonn tionscadal na teanga a chur ar bhonn folláin. Faoi láthair, in ainneoin na dea-oibre, is mó de bhainistiú géarchéime is féidir a tharlú, nó freagairt don dea-smaoineamh aonair is déanaí. Tá comhthéacs níos substaintiúla de dhíth chun an leas ceart a bhaint as a bhfuil ar siúl ar son na Gaeilge agus íomhá náisiúnta a sholáthar dó. Seans go dtarlódh athruithe dá bharr. Is ansin atá an baol a ghabhann le cruinneolas. Ach glactar leis gur ar son na Gaeilge seachas ar son aon eagraíochta ar leith a bhítear ag saothrú. Cá ndéantar measúnú rioscaí faoi láthair ar son na Gaeilge?

Is chun leasa ceachtar taobh agus chun leasa an phobail teanga go dtógfaí comhstruchtúir pholasaí agus fheidhmithe don dá dhlínse, ach comhrólanna a bheith an-bheachtaithe ón tús. Tá ionad tábhachtach ag an bpleanáil agus ag struchtúir san athréimniú teanga. Is i dteannta na díograise agus an idéalachais is fearr iad, áfach.

ACHOIMRE

An Ghaeilge ar Dhroim Toinne!
